**Caingean arna tabhairt an 18 Lúnasa 2022 – Levantur v EUIPO – Fantasia Hotels & Resorts (Fantasia BAHIA PRINCIPE HOTELS & RESORTS)**

**(Cás T-504/22)**

(2022/C 380/29)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Spáinnis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Levantur, SA (Murcia, an Spáinn) (ionadaithe: G. Marín Raigal, E. Armero Lavie agus C. Caballero Pastor, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Fantasia Hotels & Resorts, SL (Zaragoza, an Spáinn)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dílseánach an trádmhairc faoi cheist:* An t-iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh BAHIA PRINCIPE HOTELS & RESORTS – Iarratas ar chlárú Uimh. 17 365 016

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí cealaithe

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gCéad Bhord Achomhairc de EUIPO an 20 Bealtaine 2022 i gCás R 1000/2021-1

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO, agus i gcás inarb iomchuí, don idiragraí (FANTASÍA HOTELS & RESORTS, SL) na costais arna dtabhú sa chás seo os comhair na Cúirte Ginearálta a íoc;

— a ordú don iarratasóir ar dhearbhú neamhbhailíochta, FANTASÍA HOTELS & RESORTS, SL, na costais arna dtabhú sna himeachtaí achomhairc R 1000/2021-1 agus sna himeachtaí cealaithe Uimh. 36483 C a íoc.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagail 16(1)(b), 7(2)(d), 8(5) agus 27(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/625 ón gCoimisiún agus ar phrionsabal na hoibleagáide réasúin a shonrú, ar phrionsabal na deimhneachta dhlíthiúla agus ar phrionsabal an dea-riaracháin;

— Sárú ar Airteagail 60(1)(c), 8(4), 95(1) agus (97)(1)(f) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus ar Airteagail 7, 2(d) agus 10(3) agus (4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/625 ón gCoimisiún, agus an cásdlí lena mbaineann;

— Sárú ar Airteagal 8(1), 60(1)(c), agus 8(4) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.